7.12.2023 A9-0395/550

**Leasú 550**
**Mathilde Androuët**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil A9-0395/2023**
**Tomislav Sokol**
Spás Eorpach Sonraí Sláinte
(COM(2022)0197 – C9-0167/2022 – 2022/0140(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5 a) Cé nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 maidir le sonraí pearsanta daoine éagtha, d'fhéadfadh sonraí den sórt sin, go háirithe sonraí sláinte, a bheith ina sonraí pearsanta de chuid ghaolta daoine éagtha agus d'fhéadfadh rioscaí áirithe a bheith ag baint leo. Moltar do na Ballstáit cead a thabhairt do dhuine arna cheapadh ag ábhar sonraí le linn a saoil nó do gharghaol, má tá leas dlisteanach ag garghaol i gcosaint den sórt sin nó ar chúiseanna teaghlaigh ar fiú cosaint a fháil, na cearta atá ag an ábhar sonraí mar dhuine éagtha a eascraíonn as an Rialachán seo tar éis a bháis a fheidhmiú, go háirithe chun diúltú go hiomlán nó go páirteach do chuid dá ríomhshonraí pearsanta sláinte, nó iad go léir, a phróiseáil le haghaidh úsáid tánaisteach. Ba cheart do shealbhóirí sonraí a áirithiú go gcoinnítear sonraí daoine éagtha ar bhealach lena n-áirithítear rúndacht na sonraí sin, go háirithe trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla ábhartha a chur i bhfeidhm, agus a thugann urraim do na daoine aonair éagtha agus dá ngaolta. Moltar do na Ballstáit cead a thabhairt d'ábhair sonraí treoracha a bhunú chun a sonraí pearsanta a bhainistiú tar éis báis. I gcásanna ina bhfuil sé toirmiscthe go sainráite ag an ábhar sonraí le dearbhú i scríbhinn, níor*** |

***cheart go gceadófaí cearta an ábhair sonraí a fheidhmiú ag duine ceaptha nó ag garghaol.***

Or. en

*Réasúnú*

*Is caochspota sa téacs é bainistiú sonraí iarbháis. Dá gcuirfí an méid sin leis, chuirfí é sin ina cheart. Thabharfadh sé rogha do shaoránaigh uile na hEorpa a thug a dtoiliú a gcuid sonraí sláinte a roinnt laistigh de EHDS rogha a dhéanamh i dtaobh an féidir a gcuid sonraí a chur faoi chúram tríú páirtí iontaofa tráth a mbáis. D'fhéadfaí an rogha sin a mhodhnú arna iarraidh sin i rith shaol an duine aonair.*

**Leasú 551**
**Mathilde Androuët**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0395/2023**
**Tomislav Sokol**
Spás Eorpach Sonraí Sláinte
(COM(2022)0197 – C9-0167/2022 – 2022/0140(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 60 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Article60a*** |
| | ***Ríomhshonraí sláinte a stóráil, a phróiseáil, a chúltacú agus a aistriú*** |
| | ***Chun críocha úsáid phríomhúil agus thánaisteach ríomhshonraí sláinte, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnóthas nó cuibhreannas Eorpach, arna rialú le reachtaíocht an Aontais, inar scairshealbha Eorpacha iad formhór na scairshealbh, bídís díreach nó indíreach, ríomhshonraí sláinte a stóráil, a phróiseáil agus a anailísiú go heisiach laistigh de shuíomh slán nó de shuíomhanna slán laistigh de chríoch an Aontais, gan dochar don fhéidearthacht ríomhshonraí sláinte pearsanta a aistriú i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ní mór gur cuideachta nó cuibhreannas Eorpach, ar thalamh na hEorpa agus arna rialú leis an dlí Eorpach, a dhéanfadh ríomhshonraí sláinte a stóráil, a phróiseáil, a chúltacú agus a aistriú.*